

Rang 1 & Rang 2  
Ceol

## Ag Éisteacht Go Fonnmhar

I gceacht an lae inniu, d'fhoghlaim sibh faoi a bheith ag éisteacht leis na fuaimeanna i do thimpeall. Tá a lán fuaimeanna draíochtúla taobh amuigh freisin. Má tá gairdín nó achar beag spás taobh amuigh agat, amach leat, dún do shúile agus éist leis na fuaimeanna atá le cloisteáil. An bhfuil na héin ag ceol agus an féidir a gceiliúr binn a aithris? An gloiseann tú glór an tráchta? Madraí ag tafann? Daoine ag caint? Tuigfidh tú go bhfuil go leor fuaimeanna ceoil agus rithimí éagsúla sa domhan i do thimpeall, má thógann tú an t-am chun éisteacht go cúramach.



## Fíric Spreaoi

**An bhfuil a fhios agat nach iad na hAlbanaigh a cheap na píob mhála? Bhí na Rómhánaigh ag seinm ar na píoba i bhfad sular thosaigh na hAlbanaigh á sheinmt. Bhí na píob mhála déanta as craiceann caorach nó goile bó agus úsáideadh cúpla gais cuasacha chun na píoba a dhéanamh!**



## Tarraing Amhrán

- 01** Roghnaigh amhrán nó cantaireacht le líricí.
- 02** Agus tú ag éisteacht leis an amhrán agus na focla, tosaigh ag tarraingt na pictiúir nó aon smaointe a thagann isteach i do cheann.
- 03** Is féidir leat do rogha ábhair éagsúla a úsaíd chun do phictiúr a dhearadh má tá siad agat sa bhaile — riáin, greamáin, gliú gealra srl..
- 04** Bí ag canadh an amhrán agus tú ag tarraingt, agus déan iarracht na focla a fhoghlaim, muna bhfuil siad ar eolas agat cheana féin!
- 05** Seol isteach do phictiúir chugainn más maith leat! Sonraí thíos: [rte.ie/learn](https://www.rte.ie/learn).



## Éistigí!

### **An raibh fonn ort foghlaim faoi shaol mór an cheolfhoireann agus na huirlísí ceoil a sheinntear?**

Muna bhfuil rochtain agat ar ghléas, iarr ar tuismitheoir/ caomhnóir an nasc seo a leanúint chuig RTÉ's Music in the Classroom Concert, agus é a chur ar siúl ionas gur féidir leat féachaint air. Tá sé go hiontach do pháistí níos sine freisin!

Music In The Classroom — Musical Adventures do 8–12 bliana d'aois:

<https://www.rte.ie/culture/2019/0115/1023294-music-in-the-classroom-musical-adventures-for-kids/>